# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 168

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

3 Iúil 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1340 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2023 lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Varaždinsko bučino ulje' (TGFC))** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1341 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 maidir le húdarú na n-ullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 16774, *Pediococcus acidilactici* DSM 16243, *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834, *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245, *Levilactobacillus brevis* DSM 12835, *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121, *Lactococcus lactis* NCIMB 30160, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 agus *Lactococcus lactis* DSM 11037 a athnuachan mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011** ([1]) ..... 3

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1342 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 maidir le húdarú na hullmhóide 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, muca lena ramhrú, bainbh scoite agus cránacha (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd., atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012** ([1]) ..... 17

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1343 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 lena bhforáiltear do bheart tacaíochta éigeandála le haghaidh earnálacha na ngránach agus na n-olashíolta sa Bhulgáir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic** ..... 22

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1344 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú** ..... 27

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh (AE) 2023/1345 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE a mhéid a bhaineann le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE** ........................... 34

★ **Cinneadh (AE) 2023/1346 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún** ......... 36

★ **Cinneadh (AE) 2023/1347 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún** ...................................... 38

★ **Cinneadh (AE) 2023/1348 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 lena gceaptar beirt chomhaltaí agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na Seice, de Choiste na Réigiún** ..................... 39

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1349 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Meitheamh 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/1/2023)** ............................................. 41

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1350 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Meitheamh 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2023)** .......................................... 43

★ **Cinneadh (AE) 2023/1351 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na Fraince, de Choiste na Réigiún** ........................................................... 45

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1352 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 30 Meitheamh 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2023)** ........................ 46

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1353 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 lena leagtar amach eochairtháscairí feidhmíochta chun an dul chun cinn i dtreo na spriocanna digiteacha a bhunaítear le hAirteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thomhas** ........................................................................................... 48

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1340 ÓN gCOIMISIÚN

**an 26 Meitheamh 2023**

**lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Varaždinsko bučino ulje' (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Chróit ar chlárú an ainm 'Varaždinsko bučino ulje' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ní mór an t-ainm 'Varaždinsko bučino ulje' a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an t-ainm 'Varaždinsko bučino ulje' (TGFC) cláraithe anois.

Leis an ainm dá dtagraítear sa chéad mhír, sainítear táirge de chuid Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, olaí, etc.) a liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 84, 7.3.2023, lch. 9.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1341 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Meitheamh 2023**

**maidir le húdarú na n-ullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 16774, *Pediococcus acidilactici* DSM 16243, *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834, *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245, *Levilactobacillus brevis* DSM 12835, *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121, *Lactococcus lactis* NCIMB 30160, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 agus *Lactococcus lactis* DSM 11037 a athnuachan mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.

(2) Na hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus plantarum* DSM 12836), *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus plantarum* DSM 12837), *Lentilactobacillus buchneri* DSM 16774 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus buchneri* DSM 16774), *Pediococcus acidilactici* DSM 16243, *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834, *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus paracasei* DSM 16245), *Levilactobacillus brevis* DSM 12835 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus brevis* DSM 12835), *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus rhamnosus* NCIMB 30121), *Lactococcus lactis* NCIMB 30160, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 (a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Lactobacillus buchneri* DSM 12856) agus *Lactococcus lactis* DSM 11037, údaraíodh iad ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 ón gCoimisiún ([2]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratais isteach chun údarú na n-ullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 16774, *Pediococcus acidilactici* DSM 16243, *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834, *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245, *Levilactobacillus brevis* DSM 12835, *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121, *Lactococcus lactis* NCIMB 30160, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 agus *Lactococcus lactis* DSM 11037 a athnuachan mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, inar iarradh go n-aicmeofaí na breiseáin sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis na hiarratais sin.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2011 maidir le *Lactobacillus buchneri* (DSM 16774), *Lactobacillus buchneri* (DSM 12856), *Lactobacillus paracasei* (DSM 16245), *Lactobacillus paracasei* (DSM 16773), *Lactobacillus plantarum* (DSM 12836), *Lactobacillus plantarum* (DSM 12837), *Lactobacillus brevis* (DSM 12835), *Lactobacillus rhamnosus* (NCIMB 30121), *Lactococcus lactis* (DSM 11037), *Lactococcus lactis* (NCIMB 30160), *Pediococcus acidilactici* (DSM 16243) agus *Pediococcus pentosaceus* (DSM 12834) a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 322, 6.12.2011, lch. 3).

(4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') sna tuairimí uaidh an 5 Bealtaine 2021 [3], [4], an 23 Meitheamh 2021 [5], [6], [7], an 29 Meán Fómhair 2021 [8], [9], [10], an 10 Samhain 2021 [11], an 26 Eanáir 2022 [12] agus an 23 Márta 2022 [13] gur sholáthair na hiarratasóirí fianaise go bhfuil na breiseáin i gcónaí sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá údaraithe. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoirí craicinn ná súl iad na hullmhóidí, ach gur cheart a mheas gur íogróirí craicinn féideartha agus gur íogróirí riospráide féideartha atá iontu.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún [14], ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas sna measúnaithe roimhe seo bailí agus infheidhme maidir leis an hiarratais atá ann faoi láthair.

(6) Léirítear leis an measúnú ar na hullmhóidí go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú na mbreiseán sin a athnuachan.

(7) Measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(8) De thoradh údarú na n-ullmhóidí sin mar bhreiseáin bheathaithe a bheith á athnuachan, agus de thoradh údarú eile a bhaineann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 a bheith ag dul in éag, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm.

(9) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na n-ullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 16774, *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245, *Levilactobacillus brevis* DSM 12835, *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas a athnuachan**

Údarú na n-ullmhóidí a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'breiseáin sadhlais', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

[3] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(6):6626.
[4] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(6):6614.
[5] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(7):6696.
[6] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(7):6697.
[7] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(7):6713.
[8] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(11):6902.
[9] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(11):6900.
[10] EFSA Journal [Iris EPSA], 2021;19(11):6901.
[11] EFSA Journal [Iris EPSA], 2022;20(1):6975.
[12] EFSA Journal [Iris EPSA], 2022;20(2):7148.
[13] EFSA Journal [Iris EPSA], 2022;20(4):7241.
[14] Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail i ndáil le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

*Airteagal 2*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011.

*Airteagal 3*

**Bearta idirthréimhseacha**

Na hullmhóidí *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836, *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837, *Lentilactobacillus buchneri* DSM 16774, *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245, *Levilactobacillus brevis* DSM 12835, *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121 agus *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 a shonraítear san Iarscríbhinn agus an bheatha a bhfuil siad inti, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear faoin 23 Iúil 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 23 Iúil 2023 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteor-ainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2078 | *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836 ina bhfuil íoschion 5 × $10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12836:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^8$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2079 | *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837 ina bhfuil íoschion $5 \times 10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12837:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: $1 \times 10^{8}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2074 | *Lactiplantibacillus buchneri* DSM 16774 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lentilactobacillus buchneri* DSM 16774 ina bhfuil íoschion $5 \times 10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 16774<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Lactiplantibacillus buchneri* DSM 16774 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Lactiplantibacillus buchneri* DSM 16774:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: $1 \times 10^{8}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteor-ainn aoise | Íoschio-n | Uaschi-on | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2102 | *Pediococcus acidilactici* DSM 16243 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Pediococcus acidilactici* DSM 16243 ina bhfuil íoschion 5 × $10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Pediococcus acidilactici* DSM 16243<br><br>*Modh anailíse* [1]<br><br>Áireamh *Pediococcus acidilactici* DSM 16243 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15786)<br><br>Sainaithint *Pediococcus acidilactici* DSM 16243:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^{8}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

[1] Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2103 | *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834 ina bhfuil íoschion 4 × $10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15786)<br>— Sainaithint *Pediococcus pentosaceus* DSM 12834:<br><br>Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^{8}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2076 | *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245 ina bhfuil íoschion $5 \times 10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Lacticaseibacillus paracasei* DSM 16245:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: $1 \times 10^{8}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k20710 | *Levilactobacillus brevis* DSM 12835 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Levilactobacillus brevis* DSM 12835 ina bhfuil íoschion $5 \times 10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Levilactobacillus brevis* DSM 12835<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Levilactobacillus brevis* DSM 12835 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Levilactobacillus brevis* DSM 12835:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: $1 \times 10^{8}$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k20711 | *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121 ina bhfuil íoschion 4 × $10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121.<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br>Sainaithint *Lacticaseibacillus rhamnosus* NCIMB 30121:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^8$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2082 | *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 ina bhfuil íoschion 4 × $10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lactococcus lactis* NCIMB 30160<br><br>*Modh anailíse* ([1])<br><br>Áireamh *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an doirte ar phláta ar agar MRS (ISO 15214)<br><br>Sainaithint *Lactococcus lactis* NCIMB 30160:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^8$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás ina n-úsáidtear gliocól poileitiléine (PEG 4000) mar ábhar crió-chosanta, úsáidfear é suas le huastiúchán 0,025 mg/kg de shadhlas.<br>4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

([1]) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2075 | *Lactiplantibacillus buchneri* DSM 12856 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lentilactobacillus buchneri* DSM 12856 ina bhfuil íoschion $5 \times 10^{11}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lactiplantibacillus plantarum* DSM 12856<br><br>*Modh anailíse* (1)<br><br>Áireamh *Lactiplantibacillus buchneri* DSM 12856 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787)<br><br>Sainaithint *Lactiplantibacillus buchneri* DSM 12856:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: $1 \times 10^8$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

(1) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | CFU/kg d'ábhar úr | | | |
| **Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: breiseáin sadhlais** | | | | | | | | |
| 1k2081 | Lactococcus *lactis* DSM 11037 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin:*<br><br>Ullmhóid *Lactococcus lactis* DSM 11037 ina bhfuil íoschion 5 × $10^{10}$ CFU/g de bhreiseán<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br><br>Cealla inmharthana *Lactococcus lactis* DSM 11037<br><br>*Modh anailíse* (1)<br><br>Áireamh *Lactococcus lactis* DSM 11037 sa bhreiseán beathaithe:<br>— Modh an doirte ar phláta ar agar MRS (ISO 15214)<br><br>Sainaithint *Lactococcus lacti s* DSM 11037:<br>— Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe ADN | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála a shonrú.<br>2. Íoschion an bhreiseáin nuair nach n-úsáidtear é i gcomhcheangal le miocrorgánaigh eile mar bhreiseáin sadhlais: 1 × $10^8$ CFU/kg d'ábhar úr.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 23.7.2033 |

(1) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1342 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Meitheamh 2023**

**maidir le húdarú na hullmhóide 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, muca lena ramhrú, bainbh scoite agus cránacha (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd., atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le breiseáin a údarú lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh an ullmhóid 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 22594 ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóide 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, muca lena ramhrú, bainbh scoite agus cránacha i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'méadaitheoirí díleáiteachta'. Iarradh san iarratas an tréithchineál táirgthe a athrú, agus an tréithchineál *Aspergillus oryzae* DSM 22594 a ionadú i gcás *Aspergillus oryzae* DSM 33699, agus bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis.

(4) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') sa tuairim uaidh an 22 Samhain 2022 ([3]) nach n-eascraíonn ábhair imní sábháilteachta as tréithchineál nua táirgthe *Aspergillus oryzae* DSM 33699 agus, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, go bhfuil an ullmhóid 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699 sábháilte don spriocspeiceas, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Maidir le sábháilteacht do na húsáideoirí agus an ullmhóid á láimhseáil acu, mar gheall ar easpa sonraí maidir leis na foirmlithe deiridh, ní fhéadfadh an tÚdarás teacht ar chonclúid maidir le hacmhainneacht an breiseán a bheith greannach i leith na súl nó an chraicinn nó a bheith ina íogróir craicinn ach mheas sé gur íogróir riospráide é an breiseán. Ar deireadh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfadh an breiseán a bheith éifeachtúil maidir le héanlaith chlóis, muca lena ramhrú, bainbh scoite agus cránacha ag an íosleibhéal molta 500 FYT/kg de bheatha iomlán.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ([4]) ón gCoimisiún, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas sa mheasúnú roimhe seo bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 maidir le 6-fíotáis (CE 3.1.3.26) arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* (DSM 22594) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha (sealbhóir an údaraithe DSM Nutritional Products)), (IO L 252, 19.9.2012, lch. 7).

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2023;21(1):7698.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail i ndáil le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

(6) Léirítear leis an measúnú ar an ullmhóid 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699 go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan.

(7) Measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.

(8) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(9) Mar thoradh ar údarú na hullmhóide 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012 a aisghairm.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Athnuachan an údaraithe**

Maidir le húdarú na hullmhóid 6-fíotáise arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699, a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa dar teideal 'méadaitheoirí díleáiteachta', déantar údarú na hullmhóide sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012.

*Airteagal 3*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an ullmhóid sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 23 Eanáir 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 23 Iúil 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. An bheatha chumaisc agus na hábhair bheatha ina bhfuil an ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 23 Iúil 2024, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 23 Iúil 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir na mbreiseán zóiteicniúil. Feidhmghrúpa: feabhsaitheoirí díleáiteachta** | | | | | | | | | |
| 4a18i | DSM Nutritional Products Ltd., atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o. | 6-fíotáis (EC 3.1.3.26) | ***Comhdhéanamh an bhreiseáin***<br>Ullmhóid 6-fíotáise (EC 3.1.3.26) arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699 ag a bhfuil íosghníomhaíocht:<br>10 000 FYT ([1])/g i bhfoirm sholadach,<br>20 000 FYT/g i bhfoirm leachtach<br>***Tréithriú na substainte gníomhaí***<br>6-fíotáis (EC 3.1.3.26) arna táirgeadh ag *Aspergillus oryzae* DSM 33699<br>***Modh anailíse*** ([2])<br>Maidir le gníomhaíocht fíotáise sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: modh dathmhéadrach atá bunaithe ar imoibriú einsímeach fíotáise ar an bhfíotáit — VDLUFA 27.1.4;<br>Maidir le gníomhaíocht fíotáise i réamh-mheascáin a chainníochtú: modh dathmhéadrach atá bunaithe ar imoibriú einsímeach fíotáise ar an bhfíotáit — VDLUFA 27.1.3;<br>Maidir le gníomhaíocht fíotáise i mbeathaí cumaisc a cháinníochtú: modh dathmhéadrach atá bunaithe ar imoibriú einsímeach fíotáise ar an bhfíotáit — EN ISO 30024. | Éanlaith chlóis<br>Bainbh (scoite)<br>Muca lena ramhrú<br>Cránacha | — | 500 FYT | — | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar an teocht stórála, an tréimhse stórála, agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | an 23 Iúil 2033 |

(1) Is é 1 FYT méid na heinsíme lena scaoiltear 1 µmol d'fhosfáit neamhorgánach in aghaidh an nóiméid ó fhíotáit faoi dhálaí imoibriúcháin le tiúchan fíotáite 5,0 mM ag pH 5,5 agus 37 °C.

(2) Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1343 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Meitheamh 2023**

**lena bhforáiltear do bheart tacaíochta éigeandála le haghaidh earnálacha na ngránach agus na n-olashíolta sa Bhulgáir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 221(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An cogadh foghach gan chúis gan údar a d'fhear an Rúis ar an Úcráin ón 24 Feabhra 2022, tá tionchar aige ar oibríochtaí loingseoireachta i gcalafoirt Mhuir Dhubh na hÚcráine áit a ndéantaí thart ar 90 % d'onnmhairí gránach agus olashíolta na hÚcráine. Chun tacú le feirmeoirí na hÚcráine agus chun cur le slándáil an tsoláthair dhomhanda bia agus an tsoláthair bia san Aontas, bhí géarghá le teacht ar bhealaí lóistíochta malartacha agus rinne an tAontas bearta nithiúla chun onnmhairí talmhaíochta na hÚcráine agus trádáil dhéthaobhach níos leithne leis an Aontas a éascú mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Plean gníomhaíochta le haghaidh Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin chun onnmhairiú talmhaíochta agus trádáil dhéthaobhach na hÚcráine leis an Aontas a éascú' ('Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin') ([2]).

(2) Mar thoradh ar iarrachtaí comhpháirteacha na mBallstát, go háirithe an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic, mar aon leis an Úcráin, an Mholdóiv, comhpháirtithe idirnáisiúnta agus an Coimisiún, is líne tharrthála do gheilleagar na hÚcráine iad na Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin anois agus fágann siad go bhfuil nascacht nua leis an Aontas, agus feidhmíonn siad freisin mar chosaint i gcoinne géarchéim dhomhanda bhia.

(3) Cé go bhfuil go leor feabhsuithe bainte amach, tá scrogaill lóistíochta shuntasacha fós ann. Níl leor an bonneagar fós chun an borradh sa trácht a láimhseáil, tá easpa trealamh trasloingsithe ann agus tá acmhainneacht gann, rud a fhágann go mbíonn costais arda lóistíochta ann. Is féidir feabhas a chur ar an nascacht tríd an iompar a chomhordú ar bhealach níos fearr, tríd an mbonneagar a fheabhsú, agus trí chostais lóistíochta fhoriomlána a laghdú, agus ar an gcaoi sin a áirithiú gur féidir le gránaigh agus olashíolta na hÚcráine gluaiseacht níos doimhne isteach san Aontas agus níos faide i gcéin de réir mar is gá.

(4) Mar thoradh ar na costais arda lóistíochta agus na scrogaill a dtugtar tuairisc orthu thuas, tá méadú tagtha ar allmhairí gránach agus olashíolta ón Úcráin chuig na Ballstáit atá gar don Úcráin.

(5) Cuireann an staid sin brú ar phraghsanna i roinnt réigiún sa Bhulgáir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic. Thairis sin, tá an acmhainneacht stórála agus na slabhraí lóistíochta á líonadh ag na hallmhairí sin. Déanann na himthosca sin difear d'inmharthanacht eacnamaíoch agus do pheirspictíochtaí margaidh feirmeoirí i roinnt réigiún de na Ballstáit sin. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin gnáthfheidhmiú chonairí Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a chur i mbaol.

(6) Chun nach rachadh an staid in olcas go mear, ghlac an Coimisiún an chéad bheart tacaíochta éigeandála a bhí dírithe ar fheirmeoirí a bhí buailte sa Bhulgáir, sa Pholainn agus sa Rómáin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/739 ón gCoimisiún ([3]), agus aird á tabhairt go háirithe ar staid an tsoláthair intíre agus ar na dúshláin lóistíochta sna Ballstáit sin.

(7) Ag féachaint do scála an tionchair eacnamaíoch dhiúltaigh sna Ballstáit lena mbaineann, is gá raon feidhme an bhirt tacaíochta a glacadh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/739 a leathnú chuig an Ungáir agus an tSlóvaic agus cistiú breise a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin ar bhealach níos fearr.

---

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) COM(2022) 217 final.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/739 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2023 lena bhforáiltear do bheart tacaíochta éigeandála d'earnálacha na ngránach agus na n-olashíolta sa Bhulgáir, sa Pholainn agus sa Rómáin (IO L 96, 5.4.2023, lch. 80).

(8) Is fadhb shonrach í an staid sin de réir bhrí Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb shonrach sin i líon teoranta réigiún i roinnt Ballstát le bearta a dhéantar de bhun Airteagal 219 nó 220 den Rialachán sin ós rud é nach bhfuil baint shonrach aici le suaitheadh ar an margadh cheana nó le bagairt shonrach suaite ná nach bhfuil baint aici le bearta chun leathadh galar ainmhithe a chomhrac ná le laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar bhaol sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí. Ina theannta sin, ionas nach in olcas a rachaidh inmharthanacht eacnamaíoch feirmeoirí i roinnt réigiún sa Bhulgáir, san Ungáir, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic, tá gá le hidirghabháil phráinneach.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, beart tacaíocht éigeandála a bhunú agus deontas airgeadais a thabhairt don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic chun tacú le feirmeoirí atá buailte ag an méadú ar allmhairí gránach agus olashíolta ón Úcráin go ceann tréimhse fhíor-riachtanach.

(10) Ba cheart an méid atá ar fáil don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic a leagan amach, agus aird á tabhairt go háirithe ar a n-ualú féin in earnáil talmhaíochta an Aontais, ar bhonn na nglan-uasteorainneacha d'íocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus ar bhonn an fháis choibhneasta sa trádáil i gcás gránach agus olashíolta isteach sna tíortha sin.

(11) Ba cheart don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn agus don Rómáin agus don tSlóvaic an chabhair a dháileadh trí na bealaí is éifeachtaí ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, ar critéir iad lena gcuirtear san áireamh méid na ndeacrachtaí agus na ndamáistí eacnamaíocha atá ag feirmeoirí a fhásann gránaigh agus olashíolta sna limistéir atá buailte, agus é á áirithiú san am céanna gurb iad na feirmeoirí sin a thairbheoidh den chabhair ar deireadh, agus aon saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht á sheachaint.

(12) Ós rud é nach ndéanfaí ach cuid den chaillteanas iarbhír a fhulaingíonn feirmeoirí sna réigiúin atá buailte a chúiteamh leis an méid a leithdháilfí ar an mBulgáir, ar an Ungáir, ar an bPolainn, ar an Rómáin, agus ar an tSlóvaic, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit sin tacaíocht náisiúnta bhreise a dheonú do na táirgeoirí sin, faoi na coinníollacha agus laistigh den teorainn ama a leagtar síos leis an Rialachán seo.

(13) Chun an tsolúbthacht a thabhairt don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic an chabhair a dháileadh de réir mar is gá chun déileáil le deacrachtaí na bhfeirmeoirí, ba cheart cead a bheith acu í a charnadh le tacaíocht eile arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, gan róchúiteamh a dhéanamh leis na feirmeoirí.

(14) Chun an róchúiteamh a sheachaint, ba cheart don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic an tacaíocht arna deonú faoi ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó faoi ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó faoi scéimeanna príobháideacha chun freagairt don tionchar atá ag allmhairí méadaithe gránach agus olashíolta ón Úcráin sna réigiúin atá buailte a chur san áireamh.

(15) Ós rud é gur in euro a shocraítear an chabhair ón Aontas, is gá, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhuaineach a áirithiú, dáta a shocrú chun an tsuim, a leithdháilfear ar na Ballstáit nár ghlac an euro mar airgeadra náisiúnta, a chomhshó, mar a rinneadh i gcás na Bulgáire, na hUngáire, na Polainne agus na Rómáine. Ós rud é nach ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le sprioc-am chun na hiarratais ar chabhair a chur isteach, is iomchuí, chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([5]), dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a mheas mar theagmhas oibríochtúil don ráta malairte maidir leis na méideanna a leagtar amach sa Rialachán seo.

(16) Ar chúiseanna buiséadacha, níor cheart don Aontas an caiteachas a thabhóidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic a mhaoiniú ach amháin i gcás ina ndéanfar an caiteachas sin faoi dháta incháilitheachta áirithe.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95).

(17) Ba cheart an tacaíocht don bheart éigeandála sin a íoc faoin 31 Nollaig 2023. Ós rud é nach bhfuil aon íocaíocht le déanamh tar éis an 31 Nollaig 2023, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127.

(18) Chun go mbeidh an tAontas in ann faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhirt éigeandála sin, ba cheart don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic, faisnéis mhionsonraithe maidir lena chur chun feidhme a chur in iúl don Choimisiún.

(19) Chun a áirithiú go bhfaighidh feirmeoirí cabhair a luaithe is féidir, ba cheart a chur ar a gcumas don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn, don Rómáin agus don tSlóvaic an Rialachán seo a chur chun feidhme gan mhoill. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Beidh cabhair ón Aontas dar méid iomlán EUR 100 000 000 ar fáil don Bhulgáir, don Ungáir, don Pholainn, don Rómáin, agus don tSlóvaic chun tacaíocht eisceachtúil a sholáthar d'fheirmeoirí a tháirgeann gránaigh agus olashíolta dá dtagraítear san Iarscríbhinn faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Úsáidfidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 2 do bhearta arb é is aidhm dóibh feirmeoirí a chúiteamh as an gcaillteanas eacnamaíoch a eascraíonn as allmhairí méadaithe gránach agus olashíolta ón Úcráin sna réigiúin atá buailte.

3. Déanfar na bearta ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha lena gcuirfear san áireamh na caillteanais eacnamaíocha a sheas na feirmeoirí atá buailte agus lena n-áiritheofar nach mbeidh na híocaíochtaí a thiocfaidh astu ina gcúis le haon saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht.

4. Caiteachas a sheasfaidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic i ndáil leis na híocaíochtaí i leith na mbeart dá dtagraítear i mír 2, ní bheidh sé incháilithe do chabhair ón Aontas ach amháin má dhéanfar na híocaíochtaí sin faoin 31 Nollaig 2023.

5. Chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, is é dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheidh mar theagmhas oibríochtúil don ráta malairte a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Rialachán seo.

6. Féadfar bearta faoin Rialachán seo a charnadh le tacaíocht eile arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

*Airteagal 2*

1. Maidir le caiteachas an Aontais arna thabhú i gcomhréir le hAirteagal 1, ní rachaidh sé thar mhéid iomlán na méideanna seo a leanas:

(a) EUR 9 770 000 i gcás na Bulgáire;

(b) EUR 15 930 000 i gcás na hUngáire;

(c) EUR 39 330 000 i gcás na Polainne;

(d) EUR 29 730 000 i gcás na Rómáine;

(e) EUR 5 240 000 i gcás na Slóvaice.

2. Féadfaidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic cabhair náisiúnta bhreise a dheonú le haghaidh na mbeart arna ndéanamh faoi Airteagal 1 suas le huasmhéid 200 % den mhéid comhfhreagrach a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, ar choinníoll nach mbeidh na híocaíochtaí is toradh ar na bearta ina gcúis le saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht, ná le róchúiteamh.

3. Íocfaidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic an tacaíocht bhreise dá dtagraítear i mír 2 faoin 31 Nollaig 2023.

*Airteagal 3*

Chun an róchúiteamh a sheachaint, agus iad ag deonú tacaíocht faoin Rialachán seo, cuirfidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic san áireamh an tacaíocht arna deonú faoi ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó faoi ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó faoi scéimeanna príobháideacha chun freagairt don tionchar atá ag allmhairí méadaithe gránach agus olashíolta ón Úcráin sna réigiúin atá buailte.

*Airteagal 4*

1. Tabharfaidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic fógra don Choimisiún, gan mhoill agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2023, faoin méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar na bearta atá le déanamh;

(b) na critéir a úsáidtear chun na modhanna ríofa cabhrach a chinneadh agus an réasúnaíocht is bonn leis an gcabhair a dháileadh ar fheirmeoirí;

(c) an tionchar atá beartaithe do na bearta d'fhonn feirmeoirí a chúiteamh as caillteanas eacnamaíoch a eascraíonn as allmhairí gránach agus olashíolta ón Úcráin;

(d) na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh chun a sheiceáil go mbainfear amach tionchar na mbeart atá beartaithe;

(e) na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh chun an saobhadh ar an iomaíocht agus an róchúiteamh a sheachaint;

(f) an réamhaisnéis maidir le híocaíochtaí chaiteachas an Aontais arna miondealú in aghaidh na míosa go dtí an 31 Nollaig 2023;

(g) leibhéal na tacaíochta breise arna deonú de bhun Airteagal 2(2);

(h) na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun incháilitheacht feirmeoirí a rialú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. Tráth nach déanaí ná an 15 Bealtaine 2024, tabharfaidh an Bhulgáir, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic fógra don Choimisiún faoi na méideanna iomlána a íocadh in aghaidh an bhirt, i gcás inarb infheidhme, arna miondealú de réir chabhair an Aontais agus de réir na cabhrach náisiúnta breise, mar aon le líon agus cineál na dtairbhithe agus an measúnú ar éifeachtacht an bhirt.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

## LIOSTA DE NA TÁIRGÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(1)

| Cód CN | Tuairisc |
|---|---|
| 1001 | Cruithneacht agus maislín |
| 1002 | Seagal |
| 1003 | Eorna |
| 1004 | Coirce |
| 1005 | Arbhar Indiach |
| 1008 60 | Triteacál |
| — | Meascáin táirgí ag a bhfuil cóid AC 1001, 1002, 1003, 1004, 1005 agus 1008 60 |
| 1205 | Síolta ráibe nó síolta colsa, bídís briste nó ná bídís |
| 1206 | Síolta lus na gréine, bídís briste nó ná bídís |

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/1344 ÓN gCOMHAIRLE

**an 26 Meitheamh 2023**

**chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('Straitéis an Aontais Eorpaigh').

(2) Le Straitéis an Aontais Eorpaigh, leagtar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú (an 'CWC') agus ag an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha ('OPCW') chun domhan a chruthú atá saor ó airm cheimiceacha. Mar chuid de Straitéis an Aontais Eorpaigh, gheall an tAontas go bhféachfadh sé leis go mbeifí ag cloí ar bhonn uilechoiteann leis na príomhchonarthaí agus leis na príomhchomhaontuithe maidir leis an dí-armáil agus an neamhleathadh, lena n-áirítear CWC.

(3) Ó 2004 i leith, tá an tAontas ag tacú le gníomhaíochtaí OPCW trí Chinntí 2009/569/CBES ([1]), 2012/166/CBES ([2]); (CBES) 2015/259 ([3]); (CBES) 2019/538 ([4]); (CBES) 2021/1026 ([5]) agus (CBES) 2021/2073 ón gComhairle ([6]) agus Gníomhaíochtaí Chomhpháirteacha 2004/797/CBES ([7]), 2005/913/CBES ([8]); agus 2007/185/CBES ón gComhairle ([9]).

([1]) Cinneadh 2009/569/CBES ón gComhairle an 27 Iúil 2009 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 197, 29.7.2009, lch. 96).

([2]) Cinneadh 2012/166/CBES ón gComhairle an 23 Márta 2012 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 87, 24.3.2012, lch. 49).

([3]) Cinneadh (CBES) 2015/259 ón gComhairle an 17 Feabhra 2015 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 43, 18.2.2015, lch. 14).

([4]) Cinneadh (CBES) 2019/538 ón gComhairle an 1 Aibreán 2019 chun tacú le gníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 93, 2.4.2019, lch. 3).

([5]) Cinneadh (CBES) 2021/1026 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 chun tacú le Clár Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Dearbhaithe Faisnéise na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 224, 24.6.2021, lch. 24).

([6]) Cinneadh (CBES) 2021/2073 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 chun tacú le héifeachtacht oibríochtúil na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) a fheabhsú trí bhíthin íomhánna satailíte (IO L 421, 26.11.2021, lch. 65).

([7]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES ón gComhairle an 22 Samhain 2004 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 349, 25.11.2004, lch. 63)

([8]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES ón gComhairle an 12 Nollaig 2005 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 331, 17.12.2005, lch. 34).

([9]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES ón gComhairle an 19 Márta 2007 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí OPCW faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 85, 27.3.2007, lch. 10).

(4) Is gá leanúint den dianchúnamh spriocdhírithe atá á thabhairt ag an Aontas do OPCW i gcomhthéacs chur chun feidhme gníomhach Chaibidil III de Straitéis an Aontais. Beidh gníomhaíochtaí breise de dhíth, go háirithe má táthar le feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil OPCW agus ar acmhainneacht na Stát is páirtithe in CWC a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a ghlacadh chun an cúnamh sin a chur ar fáil.

(5) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gCinneadh seo a chur de chúram ar Rúnaíocht Theicniúil OPCW,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta a chur chun feidhme, tacóidh an tAontas le cur chun feidhme agus uiliú an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú ('CWC') trí bhíthin gníomhaíochta oibríochtúla.

2. Beidh na cuspóirí seo a leanas ag an ngníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1:

(a) díothú stoc-charn arm ceimiceach agus saoráidí táirgthe arm ceimiceach a fhíorú faoi réir na mbeart fíorúcháin dá bhforáiltear in CWC;

(b) teacht chun cinn arm ceimiceach an athuair a chosc agus an bhagairt a bhaineann le húsáid arm ceimiceach a laghdú;

(c) freagairt éifeachtach inchreidte a thabhairt ar úsáid arm ceimiceach agus ar líomhaintí i leith na húsáide sin;

(d) ullmhacht a áirithiú trí chúnamh agus cosaint a chur ar fáil i gcoinne arm ceimiceach, úsáid na n-arm sin, nó bagairt a n-úsáide i gcomhréir le forálacha Airteagal X de CWC;

(e) úsáidí síochánta na ceimice i dtaca leis an bhforbairt eacnamaíoch agus theicneolaíoch a chur chun cinn trí chomhar idirnáisiúnta i réimse na ngníomhaíochtaí ceimiceacha chun na gcríoch sin nach dtoirmisctear faoi CWC;

(f) féachaint leis go mbeifear ag cloí le CWC ar bhonn uilechoiteann; agus

(g) a áirithiú go mbeidh an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha ('OPCW') oiriúnach dá fheidhm i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a eascraíonn as dul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht.

3. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seotuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Rúnaíocht Theicniúil OPCW a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh OPCW an cúram dá dtagraítear i mír 2 faoi mhaoirseacht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le OPCW.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 5 350 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an ghníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an mhéid tagartha caiteachas arna mhaoiniú ag an méid tagartha dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le OPCW. Sonrófar sa chomhaontú ranníocaíochta go bhfuil ar OPCW infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú, infheictheacht a bheidh i gcomhréir lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta ó OPCW. Beidh tuarascálacha an Ardionadaí ina mbonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar aon chomhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

**Tacaíocht ón Aontas Eorpach chun Éifeachtacht Oibríochtúil OPCW a Fheabhsú — AE 2023**

## 1. Cúlra

I mí na Nollag 2003, ghlac an tAontas Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (Straitéis an Aontais), inar aithin sé a mhéid a chuireann airm ollscriosta an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta i mbaol. Leagtar béim i Straitéis an Aontais ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha (CWC) agus ag OPCW i ndáil le hairm cheimiceacha a dhíothú ón saol. Cuireann cuspóirí Straitéis an Aontais le cuspóirí CWC. Ó glacadh Straitéis an Aontais, d'fhéach an tAontas agus OPCW chuige go n-oibríonn siad i gcomhar le chéile, lena n-áirítear rannpháirtíocht i sraith Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha agus Cinntí ón gComhairle ([1]).

Tá tacaíocht faighte go chomhsheasmhach ag OPCW ón Aontas maidir le cur chun feidhme a shainordaithe, rud a léiríonn tiomantas leanúnach do chur chun feidhme iomlán CWC, mar ar cuireadh EUR 38.2M de ranníocaíochtaí deonacha ar fáil ó 2004 i leith trí bhuiséad an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála ('CBES'). Is díol sásaimh do OPCW tiomantas leanúnach an Aontais tacú le OPCW agus é ag iarraidh sprioc an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh — is é sin le rá, airm cheimiceacha a dhíothú ón saol, rud a chuirfidh leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta. Ina theannta sin, agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn á n-aithint dó, is díol sásaimh do OPCW freisin go bhfuil spéis leanúnach ag an Aontas treisiú leis an tacaíocht atá á tabhairt aige d'fhoirne teicniúla OPCW agus cúnamh á chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe faoin gCoinbhinsiún, de réir mar is gá, i gcur chun feidhme gníomhach Chaibidlí II agus III de Straitéis an Aontais.

Fágann an timpeallacht dhinimiciúil slándála idirnáisiúnta go bhfuil misean OPCW chomh tábhachtach agus a bhí riamh. Leis an gCúigiú Comhdháil Athbhreithnithe atá ar na bacáin, agus freisin agus sinn ar tí an garsprioc maidir le scriosadh iomlán stoc-chairn arm ceimiceach dearbhaithe a bhaint amach, agus le hoscailt an Lárionaid nua Ceimice agus Teicneolaíochta (CCT), beidh idir dheiseanna agus dúshláin ann do OPCW. Beidh rannpháirtíocht straitéiseach ríthábhachtach más dual don Eagraíocht ról lárnach a bheith aici i gcónaí i ndiaidh an díothaithe. Tá sé léirithe go bhfuil comhpháirtíocht agus tacaíocht trí bhuiséad Chomhbheartas Eachtraí agus Slándála (CBES) an Aontais ríthábhachtach maidir le cuidiú le OPCW a phríomhchuspóirí a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, rud a mhéadaíonn an tionchar atá ag gníomhaíochtaí OPCW freisin.

## 2. Cuspóir an tionscadail

### 2.1 Cuspóirí foriomlána an Tionscadail

Is é cuspóir foriomlán an tionscadail a áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag an Rúnaíocht cuidiú leis na Stáit is Páirtithe an Coinbhinsiún a chur chun feidhme agus an cur chun feidhm sin a fheabhsú. Chuideodh an tacaíocht sin leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta mar a ndéanfaí sainordú OPCW a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach. Chuideodh sé freisin le cosc a chur ar airm cheimiceacha ó theacht chun cinn an athuair, agus bheadh úsáidí síochánta na ceimice á gcur chun cinn ag an am céanna. Le cur chun feidhme an tionscadail, tabharfar aird chuí ar an éagsúlacht inscne, i gcás inarb infheidhme sna gníomhaíochtaí atá beartaithe.

### 2.2 Cuspóirí Sonracha

— Díothú stoc-charn arm ceimiceach agus saoráidí táirgthe arm ceimiceach a fhíorú faoi réir na mbeart fíorúcháin dá bhforáiltear in CWC;

— Teacht chun cinn arm ceimiceach an athuair a chosc agus an bhagairt a bhaineann le húsáid na n-arm ceimiceach sin a laghdú trí neamhleathadh arm ceimiceach, trí chur i bhfeidhm na mbeart fíorúcháin agus cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún, rud a fhónann freisin chun muinín a chothú idir na Stáit is Páirtithe;

— Freagairt éifeachtach inchreidte a thabhairt ar úsáid arm ceimiceach agus ar líomhaintí i leith na húsáide sin;

— Ullmhacht a áirithiú trí chúnamh agus cosaint a chur ar fáil i gcoinne arm ceimiceach, úsáid na n-arm sin, nó bagairt a n-úsáide i gcomhréir le forálacha Airteagal X de CWC;

([1]) Cuimsítear iontu Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/797/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/913/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/185/CBES (in éag); Cinneadh 2009/569/CBES (in éag); Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2012/166/CBES (in éag); Cinneadh 2015/259 (arna fhadú le Cinneadh 2018/294 agus imithe in éag); Cinneadh 2017/2302 (arna fhadú le Cinneadh 2019/1092, in éag); Cinneadh 2017/2303 (arna fhadú le Cinneadh 2018/1943 agus Cinneadh 2019/2112, in éag); Cinneadh 2019/538 (i bhfeidhm go dtí mí Aibreáin 2023); Cinneadh 2021/1026 (i bhfeidhm go dtí mí Lúnasa 2023), agus Cinneadh 2021/2073 (i bhfeidhm go dtí mí na Nollag 2025).

— Úsáidí síochánta na ceimice i dtaca leis an bhforbairt eacnamaíoch agus theicneolaíoch a chur chun cinn trí chomhar idirnáisiúnta i réimse na ngníomhaíochtaí ceimiceacha chun na gcríoch sin nach dtoirmisctear faoi CWC, i gcomhréir le forálacha Airteagal XI CWC;

— Féachaint leis go mbeifear ag cloí le CWC ar bhonn uilechoiteann; agus

— Iarrachtaí substainteacha fothaithe acmhainneachta a áirithiú, agus áirithiú gur eagraíocht í a bheidh oiriúnach dá feidhm i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a eascraíonn as dul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht.

## 2.3 **Na torthaí atá beartaithe**

*Is iad seo a leanas na torthaí atá beartaithe, a rannchuidíonn an Tionscadal leo:*

— Freagairt éifeachtach a thabhairt ar fhorbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht chun córas fíorúcháin OPCW a fheabhsú;

— Teacht chun cinn arm ceimiceach an athuair a chosc agus an bhagairt a bhaineann le húsáid arm ceimiceach a chomhrac/a laghdú;

— Freagairtí éifeachtacha a thabhairt ar líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach;

— Gur mó an acmhainn a bheidh ag na Stát is Páirtithe oibleagáidí Airteagal X a chomhlíonadh;

— Ceannaireacht dhomhanda agus údarás OPCW a atreisiú maidir le neamhleathadh agus dí-armáil arm ceimiceach; agus

— Gur mó a bheifear ag cloí le CWC.

## 3. **Cur síos ar na Gníomhaíochtaí**

*Gníomhaíochtaí atá bainteach le Toradh 1 – Freagairt éifeachtach a thabhairt ar fhorbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht chun córas fíorúcháin OPCW a fheabhsú*

Beidh na gníomhaíochtaí sin dírithe ar ghníomhaíochtaí na Rúnaíochta a oibríochtú trí leas a bhaint as Lárionad Ceimice agus Teicneolaíochta (CCT) a bheidh comhtháite agus oiriúnach don fheidhm; ardán a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht níos leithne maidir le hacmhainneachtaí agus úsáidí síochánta na ceimice mar shampla, inter alia, nascadh saotharlann, oiliúint saotharlainne, taighde eolaíoch (e.g. modheolaíochtaí saotharlainne fóiréinseacha a fhorbairt); ullmhacht OPCW a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar dhul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht lena n-áirítear trí mholtaí tosaíochta ar leith ó Bhord Eolaíoch agus Comhairleach OPCW a chur chun feidhme; agus acmhainneachtaí oibríochtúla OPCW a fheabhsú maidir le hullmhú agus imscaradh misean mar shampla teicneolaíochtaí/trealamh nua a thástáil agus a bhailíochtú, agus oiliúint a chur ar fáil ina leith.

*Gníomhaíochtaí atá bainteach le Toradh 2 – Teacht chun cinn arm ceimiceach an athuair a chosc agus an bhagairt a bhaineann le húsáid arm ceimiceach a chomhrac/a laghdú*

Beidh na gníomhaíochtaí sin dírithe ar acmhainneachtaí na Stát is Páirtithe agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile a neartú chun freagairt ar an mbagairt ó airm cheimiceacha trí oiliúint thiomnaithe agus ceardlanna a bhaineann, inter alia, le hacmhainneachtaí céadfhreagartha agus le rialú teorann; cur chun feidhme moltaí tosaíochta ar leith ón Meitheal Oscailte um Sceimhlitheoireacht, *inter alia*, a chumasú, lena n-áirítear trí chleachtaí boird; agus an rannpháirtíocht le tionscal na gceimiceán agus leis an trádáil a leathnú trí shásraí comhordaithe, mar shampla, meithleacha agus coistí IUPAC.

*Gníomhaíochtaí atá bainteach le Toradh 3 – Freagairtí éifeachtacha a thabhairt ar líomhaintí maidir le húsáid arm ceimiceach*

Beidh na gníomhaíochtaí sin dírithe ar bhearta ábhartha fíorúcháin a neartú agus ar chinntí is infheidhme a chur chun feidhme (inter alia EC-M-33/DEC.1; UNSC-R2118 (2013), C-SS-4/DEC.3, EC-94/DEC.2, agus C-25/DEC.9) i dtaobh aghaidh a thabhairt ar an mbagairt a bhaineann le húsáid arm ceimiceach; chomh maith le cumais a fhorbairt a thuilleadh chun freagairt ar iarrataí na Stát is Páirtithe ar chúnamh a bhaineann le líomhaintí úsáide.

*Gníomhaíochtaí atá bainteach le Toradh 4 – Gur mó an acmhainn a bheidh ag na Stát is Páirtithe oibleagáidí Airteagal X a chomhlíonadh*

Beidh sé d'aidhm ag na gníomhaíochtaí sin, faoi cheanglais ábhartha Airteagal X maidir le Cúnamh agus Cosaint, cumais freagartha na Stát is Páirtithe a mhéadú; feabhas a chur ar phleanáil cosanta náisiúnta; agus éifeachtaí díspreagtha a threisiú, mar shampla trí thacaíocht a thabhairt d'ullmhúcháin CBRNE le haghaidh mórimeachtaí poiblí.

*Gníomhaíochtaí atá bainteach le Toradh 5 – Ceannaireacht dhomhanda agus údarás OPCW a atreisiú maidir le neamhleathadh agus dí-armáil arm ceimiceach*

Cuirfidh na gníomhaíochtaí sin feabhas ar ról OPCW maidir le húsáidí síochánta agus údaraithe na ceimice a chur chun cinn i measc lucht féachana éagsúil atá ag dul i líonmhaire a bhuí le huirlisí tiomnaithe ar líne; rannpháirtíocht a mhéadú le geallsealbhóirí seachtracha mar shampla mná, an óige agus feidhmeannaigh; díriú ar phobail faoi leith i gcás iarrachtaí speisialaithe fothaithe acmhainneachta inter alia an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha; agus comhpháirtíocht níos doimhne a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh idir OPCW agus an tAontas Eorpach.

*Gníomhaíochtaí atá bainteach le Toradh 6 – Gur mó a bheifear ag cloí le CWC*

Tacóidh na gníomhaíochtaí sin le hiarrachtaí OPCW oibriú i dtreo ballraíocht iomlán a bhaint amach in aon cheann nó i ngach ceann de na ceithre Stát nach Páirtí sa Choinbhinsiún iad. Acmhainneacht agus ullmhúcháin OPCW a áirithiú a thuilleadh trí chásanna a ghiniúint, agus acmhainneachtaí agus uirlisí na Rúnaíochta a fheabhsú chun cur chun feidhme chóras fíorúcháin an Choinbhinsiúin a neartú i gcás aontachas stáit is sealbhóir.

## 4. **Tairbhithe**

**Tairbhithe na ngníomhaíochtaí faoi Thoradh 1**

Pearsanra agus foirne Rúnaíocht OPCW; agus geallsealbhóirí CWC lena n-áirítear inter alia na Stáit is Páirtithe, Údaráis Náisiúnta, an tSochaí Shibhialta, Aonaid um Chosaint Shibhialta, Ollscoileanna, Saotharlanna Comhpháirtíochta, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Idir-rialtasacha, an pobal.

**Tairbhithe na ngníomhaíochtaí faoi Thoradh 2**

Pearsanra agus foirne Rúnaíocht OPCW; agus geallsealbhóirí CWC lena n-áirítear *inter alia* na Stáit is Páirtithe, Údaráis Náisiúnta, an Tionscail, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Idir-rialtasacha agus an pobal.

**Tairbhithe na ngníomhaíochtaí faoi Thoradh 3**

Pearsanra agus foirne Rúnaíocht OPCW; agus geallsealbhóirí CWC lena n-áirítear *inter alia* na Stáit is Páirtithe, Údaráis Náisiúnta, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Idir-rialtasacha agus an pobal.

**Tairbhithe na ngníomhaíochtaí faoi Thoradh 4**

geallsealbhóirí CWC lena n-áirítear *inter alia* na Stáit is Páirtithe, Údaráis Náisiúnta, Aonaid um Chosaint Shibhialta, agus an pobal.

**Tairbhithe na ngníomhaíochtaí faoi Thoradh 5**

Pearsanra agus foirne Rúnaíocht OPCW; agus geallsealbhóirí CWC lena n-áirítear *inter alia* na Stáit is Páirtithe, Údaráis Náisiúnta, an tSochaí Shibhialta, Ollscoileanna, agus an pobal.

**Tairbhithe na ngníomhaíochtaí faoi Thoradh 6**

Pearsanra agus foirne Rúnaíocht OPCW; agus geallsealbhóirí CWC lena n-áirítear na Stáit is Páirtithe agus *na Stáit nach Páirtithe sa Choinbhinsiún iad*.

## 5. **Fad ama**

Cuirfear an Ghníomhaíocht chun feidhme le linn tréimhse 36 mhí, cé is moite de Ghníomhaíochtaí faoi Thoradh 3, a chuirfear chun feidhme laistigh de thréimhse 12 mhí.

6. **Eintiteas Cur Chun Feidhme**

Is í Rúnaíocht OPCW a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí thuas atá beartaithe. Is ar OPCW a bheidh an fhreagracht deiridh maidir leis na gníomhaíochtaí sin a bhaineann leis an gCoimisiún a chur chun feidhme.

**CINNEADH (AE) 2023/1345 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Meitheamh 2023**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE a mhéid a bhaineann le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ([1]) ('Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE'), síníodh é in Cotonou an 23 Meitheamh 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 2003. I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE ([2]) ('an cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha'), tá feidhm le bheith ag an gcomhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(2) De bhun Airteagal 95(4), an chéad fhomhír, de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i dtreo Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE nua ('an Comhaontú nua') i mí Mheán Fómhair 2018. Ní bheidh an Comhaontú nua réidh le cur i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2023, dáta éaga an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá an cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha a leasú chun síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE.

(3) Le hAirteagal 95(4), an dara fomhír, de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, déantar foráil maidir le Comhairle na nAirí ACC-AE aon bhearta idirthréimhseacha a ghlacadh a bhféadfadh gá a bheith leo go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua i bhfeidhm.

(4) De bhun Airteagal 15(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, an 23 Bealtaine 2019 tharmlig Comhairle Airí ACC-AE na cumhachtaí chun na bearta idirthréimhseacha a ghlacadh chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE ([3]). Is faoi Choiste Ambasadóirí ACC-AE atá sé, dá bhrí sin, na bearta idirthréimhseacha a leasú de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE a bhunú, ós rud é go mbeidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas.

(6) Leanfar d'fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a chur i bhfeidhm chun leanúnachas a choinneáil ar bun sa chaidreamh idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Stáit ACC, ar an taobh eile. Dá réir sin, níl na bearta idirthréimhseacha leasaithe ceaptha chun Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú, faoi mar a fhoráiltear maidir leis sin in Airteagal 95(3) de,

---

([1]) IO L 317, 15.12.2000, lch. 3. Rinneadh an Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú leis an gComhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (IO L 209, 11.8.2005, lch. 27) agus leis an gComhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (IO L 287, 4.11.2010, lch. 3).

([2]) Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE [2020/2] (IO L 1, 3.1.2020, lch. 3).

([3]) Cinneadh Uimh. 1/2019 ó Chomhairle Airí ACC-AE an 23 Bealtaine 2019 maidir le tarmligean cumhachtaí chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE i dtaca leis an gcinneadh bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 146, 5.6.2019, lch. 114).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun síneadh a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023, nó go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua idir an tAontas agus Stáit ACC i bhfeidhm nó go dtí go ndéanfar an Comhaontú nua a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, cibé acu is túisce.

2. Cuirfear forálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE i bhfeidhm i gcomhréir le cuspóir agus aidhm Airteagal 95(4) de.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

**CINNEADH (AE) 2023/1346 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 27 Meitheamh 2023**

**lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó Rialtas na hIodáile,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 6 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/1834 ([3]), lena gceaptar seisear comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Nicola ZINGARETTI a cheapadh.

(4) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Gaetano ARMAO a cheapadh agus tar éis do Christian SOLINAS éirí as oifig.

(5) Mhol Rialtas na hIodáile Roberta ANGELILLI, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Vicepresidente, Assessore e Consigliere della Regione Lazio* (Leas-Uachtarán, Aire Réigiúnach Réigiún Lazio agus comhalta den Chomhairle Réigiúnach), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol Rialtas na hIodáile na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Luca Rosario Luigi SAMMARTINO, *Vicepresidente, Assessore e Consigliere della Regione Siciliana* (Leas-Uachtarán, Aire Réigiúnach Réigiún na Sicile agus Comhalta den Chomhairle Réigiúnach), agus Renato SCHIFANI, *Presidente e Consigliere della Regione Siciliana* (Uachtarán Réigiún na Sicile agus Comhalta den Chomhairle Reigiúnach),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).
([3]) Cinneadh (AE) 2021/1834 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena gceaptar seisear comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún (IO L 372, 20.10.2021, lch. 11).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Roberta ANGELILLI, *Vicepresidente, Assessore e Consigliere della Regione Lazio* (Leas-Uachtarán, Aire Réigiúnach Réigiún Lazio agus Comhalta den Chomhairle Reigiúnach),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Luca Rosario Luigi SAMMARTINO, *Vicepresidente, Assessore e Consigliere della Regione Siciliana* (Leas-Uachtarán, Aire Réigiúnach Réigiún na Sicile agus Comhalta den Chomhairle Réigiúnach),

— Renato SCHIFANI, *Presidente e Consigliere della Regione Siciliana* (Uachtarán Réigiún na Sicile agus Comhalta den Chomhairle Réigiúnach).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 27 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. ROSWALL

**CINNEADH (AE) 2023/1347 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 27 Meitheamh 2023**

**lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na hÍsiltíre, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hÍsiltíre,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Wilhelmina Johanna Gerarda DELISSEN – VAN TONGERLO éirí as oifig.

(4) Mhol rialtas na hÍsiltíre Marina Caroline STARMANS-GELIJNS, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus í freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *burgemeester van de gemeente Dongen* (Méara bhardas Dongen), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Mhol rialtas na hÍsiltíre Marina Caroline STARMANS-GELIJNS, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus í freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *burgemeester van de gemeente Dongen* (Méara bhardas Dongen), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 27 Meitheamh 2023

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

---

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

**CINNEADH (AE) 2023/1348 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 27 Meitheamh 2023**

**lena gceaptar beirt chomhaltaí agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na Seice, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Seice,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Dan JIRÁNEK a cheapadh agus tar éis do Tomáš MACURA éirí as oifig.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Jan MAREŠ a cheapadh.

(5) Mhol rialtas na Seicia na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Dagmar ŠKODOVÁ PARMOVÁ, *Zastupitelka města České Budějovice* (Ionadaí Chathair České Budějovice), agus Richard VEREŠ, *Zastupitel městské části Slezská Ostrava* (Ionadaí Cheantar Bardasach Silesia Ostrava).

(6) Mhol Rialtas na Seicia Jaroslav ZÁMEČNÍK, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Zastupitel města Liberec* (Ionadaí Chathair Liberec), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Dagmar ŠKODOVÁ PARMOVÁ, *Zastupitelka města České Budějovice* (Ionadaí Chathair České Budějovice),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

— Richard VEREŠ, *Zastupitel městské části Slezská Ostrava* (Ionadaí Cheantar Bardasach Silesia Ostrava),

agus

(b) mar chomhalta malartach:

— Jaroslav ZÁMEČNÍK, *Zastupitel města Liberec* (Ionadaí Chathair Liberec).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 27 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. ROSWALL

**CINNEADH (CBES) 2023/1349 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 28 Meitheamh 2023**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/1/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/354/CBES ón gComhairle an 3 Iúil 2013 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/354/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 13 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/1541 ([2]), lena gceaptar Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin EUPOL COPPS ón 15 Samhain 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 28 Meitheamh 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1044 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin EUPOL COPPS ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(4) An 26 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1302 ([4]), lenar cuireadh síneadh le sainordú EUPOL COPPS ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(5) Tá molta ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go ndéanfaí síneadh a chur le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin EUPOL COPPS ón 1 Iúil 2023 go dtí an 14 Samhain 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) ón 1 Iúil 2023 go dtí an 14 Samhain 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

([1]) IO L 185, 4.7.2013, lch. 12.

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1541 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Ceann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/1/2020) a cheapadh (IO L 353, 23.10.2020, lch. 8).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/1044 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Meitheamh 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/1/2022) (IO L 173, 30.6.2022, lch. 73).

([4]) Cinneadh (CBES) 2023/1302 an 26 Meitheamh 2023 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2013/354/CBES maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (IO L 161, 27.6.2023, lch. 62).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

**CINNEADH (CBES) 2023/1350 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 28 Meitheamh 2023**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 25 Samhain 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh d'fhonn rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 13 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/1548 ([2]), lena gceaptar Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Samhain 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 28 Meitheamh 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1045 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(4) An 26 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CFSP) 2023/1303 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(5) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Mhisean EU BAM Rafah ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Mihai-Florin BULGARIU mar Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

([1]) IO L 327, 14.12.2005, lch. 28.

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1548 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le ceapadh Ceann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/2/2020) (IO L 354, 26.10.2020, lch. 5).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/1045 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Meitheamh 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/1/2022) (IO L 173, 30.6.2022, lch. 75).

([4]) Cinneadh (CBES) 2023/1303 an 26 Meitheamh 2023 ón gComhairle lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 161, 27.6.2023, lch. 64).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

**CINNEADH (AE) 2023/1351 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 27 Meitheamh 2023**

**lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na Fraince, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Fraince,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú ar dá bhun a moladh Agnès LE BRUN a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na Fraince Marie-Hélène HERRY, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Maire de Saint-Malo-de-Beignon (Morbihan)* (Méara, Saint-Malo-de-Beignon (Morbihan)), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Marie-Hélène HERRY, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Maire de Saint-Malo-de-Beignon (Morbihan)* (Méara, Saint-Malo-de-Beignon (Morbihan)), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 27 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

**CINNEADH (CBES) 2023/1352 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 30 Meitheamh 2023**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/233/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUBAM na Libia a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 14 Eanáir 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/59 ([2]), lena gceaptar Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) An 18 Bealtaine 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/846 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(4) An 26 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1305 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUBAM na Libia go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(5) Mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin EUBAM na Libia ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Natalina CEA mar Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) ón 1 Iúil 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

---

([1]) IO L 138, 24.5.2013, lch. 15.

([2]) Cinneadh ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CBES) 2021/59 an 14 Eanáir 2021 maidir le ceapadh Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2021) (IO L 26, 26.1.2021, lch. 3).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/846 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 18 Bealtaine 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/1/2022) (IO L 148, 31.05.2022, lch. 38).

([4]) Cinneadh (CBES) 2023/1305 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (IO L 161, 27.6.2023, lch. 68).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1353 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Meitheamh 2023**

**lena leagtar amach eochairtháscairí feidhmíochta chun an dul chun cinn i dtreo na spriocanna digiteacha a bhunaítear le hAirteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thomhas**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481, úsáidfear eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais i dtaca leis na spriocanna digiteacha a leagtar amach in Airteagal 4 den Chinneadh sin. Ba cheart na ETFanna céanna a úsáid chun na treochtaí bunúsacha ar an leibhéal náisiúnta a thomhas. Ba cheart na ETFanna a leagtar amach sa chinneadh seo a áireamh sna táscairí san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI), mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Chinneadh (AE) 2022/2481. Leis an gCinneadh seo, ba cheart teorainn a chur leis an bpróiseas a úsáidtear in DESI chun táscairí a shainiú agus sonraí a bhailiú.

(2) Léiríonn na ETFanna a leagtar amach sa Chinneadh seo na tomhais is fearr is féidir ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna digiteacha a leagtar amach in Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2022/2481 tráth glactha an ghnímh seo. Tá gá le breis anailíse agus fíoraithe ar shásraí bailithe sonraí chun a mheas ar cheart nó nár cheart na ETFanna sin a mhodhnú amach anseo chun na spriocanna a léiriú ar bhealach níos cuimsithí. Go sonrach, is é is aidhm do cheann de na spriocanna nascachta a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (2)(a) de Chinneadh (AE) 2022/2481 a áirithiú go gcumhdaítear gach limistéar a bhfuil daonra ann le líonra ardluais den chéad ghlúin eile a bhfuil feidhmíocht atá coibhéiseach le 5G ar a laghad aige i gcomhréir le prionsabal neodracht na teicneolaíochta. Leis an EFT gaolmhar sa Chinneadh seo, beifear in ann faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cumhdach den sórt sin maidir le líonraí 5G. Aithníonn an Coimisiún nach mbeifear in ann, le ETF den sórt sin, rianú iomlán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i dtreo na sprice agus úsáid á baint acu as teicneolaíochtaí seachas 5G. Go deimhin, d'fhorbair an Coimisiún an ETF ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil tráth a glacadh an Cinneadh seo. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, tá breis anailíse á déanamh ag an gCoimisiún chun an creat tomhais le haghaidh nascachta a bheachtú agus chun EFT intomhaiste a shainiú lena bhféadfaí 'líonraí eile ardluais gan sreang den chéad ghlúin eile' a shainaithint, ag a bhfuil feidhmíocht atá coibhéiseach le 5G ar a laghad, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh i gcomhar le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Thairis sin, tá gá le breis oibre chun ETFanna a shainiú a d'fhéadfadh léiriú níos cuimsithí a thabhairt ar na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (2)(a), (2)(b) agus 2(c) de Chinneadh (AE) 2022/2481, maidir le nascacht ghigighiotáin, agus táirgeadh leathsheoltóirí ceannródaíocha agus imeallnód thar a bheith slán atá neodrach ó thaobh na haeráide de, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil. Déanfar an obair ar an EFT lena dtomhaistear nascacht ghigighiotáin i gcomhar le BEREC.

(3) Beidh gá freisin leis na ETFanna a choigeartú nó a mhodhnú, nuair is gá, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, nó athruithe socheacnamaíocha, agus chun athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2022/2481 a léiriú.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an Deacáid Dhigiteach a bunaíodh le hAirteagal 23(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar amach sa Chinneadh seo na heochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) ar dá réir a ndéanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo na spriocanna digiteacha a bhunaítear le hAirteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 a thomhas.

([1]) IO L 323, 19.12.2022, lch. 4.

*Airteagal 2*

**Eochairtháscairí Feidhmíochta**

1. Úsáidfear na ETFanna seo a leanas chun an dul chun cinn i dtreo na spriocanna digiteacha a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 a thomhas:

(1) Bunscileanna digiteacha ar a laghad, arna dtomhas mar chéatadán de na daoine idir 16 agus 74 bliana d'aois, agus iad imdhealaithe de réir gnéis, ag a bhfuil scileanna digiteacha atá 'bunúsach' nó 'os cionn bunúsach' i ngach ceann de na cúig ghné seo a leanas: faisnéis, cumarsáid, réiteach fadhbanna, cruthú ábhair dhigitigh agus scileanna sábháilteachta. Déantar é a thomhas ar bhonn na ngníomhaíochtaí atá déanta ag daoine le linn na 3 mhí roimhe sin ([2]); agus cóineasú inscne, arna thomhas mar chéatadán na mban agus na bhfear i measc na ndaoine aonair sin a bhfuil scileanna digiteacha acu atá 'bunúsach' nó 'os cionn bunúsach'.

(2) Speisialtóirí TFC, arna dtomhas de réir an líon daoine idir 15 agus 74 bliana d'aois atá fostaithe mar speisialtóirí TFC; agus cóineasú inscne, arna thomhas mar chéatadán na mban agus na bhfear i measc na ndaoine sin atá fostaithe mar speisialtóirí TFC. I gcomhréir le haicmiú cód ISCO-08 ([3]), is oibrithe iad speisialtóirí TFC a bhfuil an cumas acu córais TFC a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil, agus arb é TFC an chuid is mó dá bpost, lena n-áirítear bainisteoirí seirbhísí TFC, gairmithe TFC, teicneoirí TFC, suiteálaithe TFC agus seirbhíseoirí TFC, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

(3) Nascacht ghigighiotáin, arna tomhas mar chéatadán na dteaghlach a chumhdaítear le Líonraí Fíor-Ardacmhainneachta (VHCN). Is iad na teicneolaíochtaí a mheastar na teicneolaíochtaí sin atá in ann nascacht ghigighiotáin a sholáthar faoi láthair, is iad sin Snáithín chomh fada leis an Áitreabh agus Cábla DOCSIS ([4]) 3.1 ([5]). Déanfar faireachán ar leithligh ar an bhforbairt ar chumhdach an tsnáithín chomh fada leis an áitreabh agus cuirfear san áireamh í nuair a bheidh sonraí cumhdaigh VHCN á léirmhíniú.

(4) Cumhdach 5G, arna thomhas mar chéatadán na limistéar a bhfuil daonra iontu a chumhdaítear le líonra 5G amháin ar a laghad gan beann ar an mbanda speictrim a úsáidtear.

(5) Leathsheoltóirí, arna dtomhas mar luach arna ghiniúint i dtéarmaí ioncaim, le gníomhaíochtaí leathsheoltóra san Aontas, ag gach céim den slabhra luacha, i ndáil leis an luach margaidh domhanda. Don chéad bhliain, déanfar tuairisciú ar bhonn na ngníomhaíochtaí sin san Eoraip.

(6) Imeallnóid, arna dtomhas mar an líon nód ríofa a sholáthraíonn agaí folaigh faoi bhun 20 milleasoicind; amhail freastalaí aonair nó sraith eile d'acmhainní ríomhaireachta nasctha, a oibrítear mar chuid de bhonneagar imeall-ríomhaireachta, arb iondúil é a bheith laistigh d'imeallionad sonraí atá ag feidhmiú ar imeall an bhonneagair, agus atá níos gaire go fisiciúil, dá bhrí sin, do na húsáideoirí beartaithe ná mar atá néalnód i lárionad sonraí láraithe.

(7) Ríomhaireacht chandamach arna tomhas mar líon na ríomhairí candamacha oibríochtúla nó líon na n-ionsamhlóirí candamacha, lena n-áirítear luasairí sár-ríomhairí Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta, a chuirtear in úsáid agus a bhfuil rochtain ag na pobail úsáideoirí orthu.

(8) Néalríomhaireacht, arna tomhas mar chéatadán de na fiontair a úsáideann ceann amháin ar a laghad de na seirbhísí néalríomhaireachta seo a leanas: feidhmchláir bogearraí airgeadais nó cuntasaíochta, feidhmchláir bogearraí maidir le pleanáil acmhainní fiontraíochta (PAF), feidhmchláir bogearraí maidir le bainistíocht caidreamh custaiméirí (CRM), feidhmchláir bogearraí slándála, bunachar/bunachair sonraí an fhiontair a óstáil, agus ardán ríomhaireachta a chuireann timpeallacht óstáilte ar fáil d'fhorbairt, tástáil nó cur in úsáid feidhmchlár ([6]).

---

([2]) Arna shainmhíniú de réir mhodheolaíocht Eurostat lena léirítear an Creat athbhreithnithe maidir le hInniúlacht Dhigiteach (DIGCOMP 2.0), mar a leagtar amach freisin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1399 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena sonraítear míreanna teicniúla an tacair sonraí, lena mbunaítear na formáidí teicniúla maidir le faisnéis a tharchur, agus lena sonraítear na socruithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta maidir le heagrú suirbhé shamplaigh i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, le haghaidh na bliana tagartha 2023 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([3]) Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha 2008.

([4]) Sonraí thar Shonraíocht Chomhéadain Seirbhíse Cábla

([5]) Sa bhreis ar an anailís atá bunaithe ar na EFTanna, mar a shainmhínítear sa Chinneadh seo, is féidir leis na Ballstáit sonraí comhlántacha a chur in iúl ina dtreochláir náisiúnta maidir le teicneolaíochtaí fosaithe, sreangaithe agus gan sreang atá in ann nascacht ghigighiotáin a sholáthar.

([6]) Mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1344 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice 'úsáid TCF agus ríomhthráchtáil' le haghaidh na bliana tagartha 2023, agus rialacháin chur chun feidhme ina dhiaidh sin de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 202, 2.8.2022, lch. 18), go háirithe Airteagal 7(1) agus Airteagal 17(6) de.

(9) Mórshonraí, arna dtomhas mar chéatadán na bhfiontar a dhéanann anailís ar mhórshonraí ó aon fhoinse sonraí (inmheánach nó seachtrach) ([7]). Amhail ó thuarascáil 2024, déanfar mórshonraí a thomhas de réir chéatadán na bhfiontar a dhéanann anailísíocht sonraí (go hinmheánach nó go seachtrach).

(10) Intleacht shaorga, arna tomhas mar chéatadán de na fiontair a úsáideann teicneolaíocht intleachta saorga amháin ar a laghad ([8]).

(11) FBManna ag a bhfuil bunleibhéal déine digití ar a laghad, arna thomhas mar chéatadán de na FBManna a úsáideann 4 as 12 theicneolaíocht dhigiteacha roghnaithe ar a laghad ([9]).

(12) Aonbheannaigh, arna dtomhas mar shuim na n-aonbheannach dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (11)(a), de Chinneadh (AE) 2022/2481 agus iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (11)(b), den Chinneadh sin.

(13) Soláthar seirbhísí poiblí tábhachtacha ar líne do shaoránaigh, arna thomhas mar an sciar de na céimeanna riaracháin is féidir a dhéanamh go hiomlán ar líne le haghaidh mórimeachtaí saoil. Cuirtear na mórimeachtaí saoil seo a leanas san áireamh: aistriú tí; iompar; nós imeachta um éilimh bheaga a thionscnamh; cúrsaí teaghlaigh; gairm; staidéar; sláinte.

(14) Soláthar seirbhísí poiblí tábhachtacha ar líne do ghnólachtaí, arna thomhas mar an sciar de na céimeanna riaracháin is gá chun gnó a thosú agus oibríochtaí gnó rialta a dhéanamh, ar féidir iad a dhéanamh go hiomlán ar líne.

(15) Rochtain ar ríomhthaifid sláinte, arna dtomhas mar seo a leanas: (i) seirbhísí rochtana ar líne a bheith ar fáil ar fud na tíre do shaoránaigh ar a sonraí ríomhthaifead sláinte (trí thairseach othar, nó aip mhóibíleach othar) agus bearta breise a bheith i bhfeidhm a chuireann ar chumas catagóirí áirithe daoine (e.g. caomhnóirí do leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta) rochtain a fháil ar a sonraí freisin, agus (ii) an céatadán daoine atá in ann a sraith íosta sonraí sláinte féin, atá stóráilte faoi láthair i gcórais phoiblí agus phríobháideacha ríomhthaifead sláinte, a fháil nó a úsáid.

(16) Rochtain ar ríomh-shainaitheantas arna thomhas le dhá KPI: (1) mar líon na mBallstát a thug fógra maidir le scéim náisiúnta ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus (2) mar líon na mBallstát a bhfuil rochtain tugtha acu ar ríomh-shainaitheantas slán lena gcuirtear feabhas ar an bpríobháideachas trí Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí i gcomhréir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí ([10]).

2. Beidh na ETFanna a leagtar amach i míreanna 1 go 16 bunaithe ar fhoinsí sonraí a léirítear san Iarscríbhinn.

3. Áireofar na ETFanna a leagtar amach i míreanna 1 go 16 i measc na dtáscairí a ndéantar faireachán orthu faoi chuimsiú an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([7]) Mar a shainmhínítear in Rialachán (AE) 2019/1910 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 808/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil leis an tsochaí faisnéise le haghaidh na bliana tagartha 2020 (IO L 296, 15.11.2019, lch. 1), agus rialacháin chur chun feidhme ina dhiaidh sin de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1), go háirithe Airteagal 7(1) agus Airteagal 17(6) de.

([8]) Idem 5.

([9]) Mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1190 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2021 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice 'úsáid TCF agus ríomhthráchtáil' le haghaidh na bliana tagartha 2022, agus rialacháin chur chun feidhme ina dhiaidh sin de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 258, 20.7.2021, lch 28), go háirithe Airteagal 7(1) agus Airteagal 17(6) de.

([10]) COM/2021/281 final.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Foinsí chun sonraí a bhailiú maidir leis na hEochairtháscairí Feidhmíochta**

| | |
|---|---|
| **Bunscileanna Digiteacha** | Eurostat - Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar úsáid TFC i dTeaghlaigh agus ag Daoine Aonair. |
| **Speisialtóirí TFC** | Eurostat - Suirbhé ar an bhFórsa Saothair. |
| **Nascacht Gigighiotáin** | Staidéar arna dhéanamh ag soláthraí tráchtála don Choimisiún, ar bhonn sonraí na mBallstát, i gcás ina bhfuil siad ar fáil |
| **Clúdach 5G** | Staidéar arna dhéanamh ag soláthraí tráchtála don Choimisiún, ar bhonn sonraí na mBallstát, i gcás ina bhfuil siad ar fáil |
| **Leathsheoltóirí** | Ar fáil go poiblí/sonraí arna soláthar le síntiús |
| **Imeallnóid** | Staidéar arna dhéanamh ag soláthraí tráchtála don Choimisiún |
| **Ríomhaireacht chandamach** | Ar fáil go poiblí/sonraí arna soláthar le síntiús |
| **Néalríomhaireacht** | Eurostat - Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar úsáid TFC agus ar ríomhthráchtáil i bhfiontair. |
| **Mórshonraí** | Eurostat - Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar úsáid TFC agus ar ríomhthráchtáil i bhfiontair. |
| **An Intleacht Shaorga** | Eurostat - Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar úsáid TFC agus ar ríomhthráchtáil i bhfiontair. |
| **FBManna ag a bhfuil leibhéal bunúsach déine digití ar a laghad** | Eurostat - Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar úsáid TFC agus ar ríomhthráchtáil i bhfiontair. |
| **Aonbheannaigh** | Sonraí arna soláthar le síntiús |
| **Príomhsheirbhísí poiblí a sholáthar ar líne do shaoránaigh agus do ghnólachtaí** | Staidéar arna dhéanamh ag soláthraí tráchtála don Choimisiún |
| **Rochtain ar ríomhthaifid sláinte** | Staidéar arna dhéanamh ag soláthraí tráchtála don Choimisiún |
| **Rochtain ar ríomh-shainaitheantas** | Seirbhísí an Choimisiúin |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA